TIdirnascaire Ceilteach

La liaison électrique entre la France et l'Irlande

Connecting the electricity grids of Ireland and France

Forléargas Tionscadail

Le Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, cruthófar nasc leictreachais idir Éire agus an Fhrainc chun aistriú leictreachais a chumasú idir an dá thír. Leis an nasc, ceanglófar an fostáisiún leictreachais atá ann cheana i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, An Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos sláine agus níos inbhuanaithe tríd an t-aon nasc díreach leictreachais idir Éire agus ballstát de chuid an Aontas Eorpaigh a sholáthar. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir chóras tarchurtha leictreachais na hÉireann, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité (RTE).

San Eagrán Seo

- An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal
- Cad atá ag tarlú anois?
- An Nuacht is Déanaí ó RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Ciste Sochair Pobail
- An Tionscadal i bhFigiúirí
- An Raibh A Fhios Agat?

An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal

Bealach an chábla

Ar bhealach an chábla SDAV, tá 95% den chábla suiteáilte.

Tá suiteáil cábla SDAV agus siúntáil cábla ar bhóithre áitiúla agus tuaithe agus ar an N25 críochnaithe.

Tá athchóiriú buan ar an mbóthar ar siúl agus nach mór críochnaithe, agus an bainistiú trachta in aghaidh an tsrutha ar fad ar an N25 bainte anois.

Stáisiún tiontaire

Tá gach críochnú srutha ailtéarnaigh agus dhírigh curtha i gcrích anois, le hoibreacha sibhialta agus suiteáil trealaimh leictreachais gar do bheith críochnaithe.

Tá dul chun chinn maith déanta le suiteáil an trealaimh leictreachais ardvoltais agus le suiteáil an chórais rialaithe agus beidh siad sin tagtha chun críche go luath.

Bhí oibreacha coimisiúnaithe ar bun chun an trealamh leictreachais a suiteáladh a bhailíochtú agus a thástáil.

Copyright © 2026 | EirGrid |. All rights reserved.

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

Cad Atá Ag Tarlú Anois?

Ar bhealach an chábla SDAV, meastar go ndéanfar an chuid atá fágtha ón mbá siúntála go dtí an bá siúntála aistrithe (TJB) ag Trá an Chaisleáin Chria a shuiteáil an mhí seo chugainn.

Éascaítear le háiseanna na bá siúntála aistrithe nasc an chábla SDAV ar talamh go dtí an cábla SDAV amach ón gcósta. Tá oibreacha buana athchóirithe bóthair ar bhóithre áitiúla agus tuaithe ar an mbealach SDAV ar siúl faoi láthair agus tá siad beagnach críochnaithe.

Tá críoch nach mór curtha le baint na mbánna pasála ar bhóithre áitiúla agus tuaithe ar an mbealach SDAV.

Tá ullmhúcháin ar bun chun tástáil a dhéanamh ar an gcábla SDAV ón stáisiún tiontaire i mBaile Adaim, go dtí an bá siúntála aistrithe ag Trá an Chaisleáin Chria, sna míonna amach romhainn.

Tá tús curtha le hoibreacha coimisiúnaithe chun an trealamh leictreachais ardvoltais atá suiteáilte ag an stáisiún tiontaire i mBaile Adaim a bhailíochtú agus a thástáil.



Bá Siúntála ar an N25 siar ó Bhaile na Martra leis an tsiúntáil cábla curtha i gcrích.



Láithreán an stáisiúin tiontaire, Baile Adaim.



Íomhá: Kieran French, bainisteoir innealtóireachta agus comhéadain an Idirnascaire Cheiltigh, EirGrid, ag leagan amach gnéithe de láithreán an stáisiúin tiontaire.

An Nuacht is Déanaí ó RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Ar thaobh na Fraince den tionscadal, tá céim shuntasach tógtha. Tháinig an soitheach curtha cáblaí, Calypso, i gCalafort Brest agus an dá chábla mara agus an cábla snáthoptaice lán.

Ag fanacht le dálaí aimsire muirí oiriúnacha, cuirfear tús le tarraingt an chábla ag Cléder, an áit theacht i dtír.



An soitheach curtha cáblaí, Calypso, ag teacht i dtír in Brest le déanaí. Creidmheas grianghraif: RTE / Julien Creff

Dul chun cinn maidir leis an gCiste Sochair Pobail

Cumann Dornálaíochta Naomh Marta, an Charraig Thuathail

Bronnadh €7,051 ó Chéim 2 de Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh, i dtreo chostas trealaimh dornálaíochta.

Cuireann Club Dornálaíochta Naomh Marta áis lúthchleasaíochta ríthábhachtach ar fáil do dhaoine óga atá deich mbliana d'aois agus níos sine. Cé gur bhain an club roinnt mhaith teidil áitiúla agus náisiúnta amach le trí bliana anuas, bhí siad ag brath ar threalamh ar iasacht chun a gcuid oibríochtaí a choinneáil ar bun.

Ag labhairt dó maidir leis an maoiniú, dúirt Kevin Crowley:

Buaicphointe dár dtionscadail a bhí ann nuair a tháinig na páistí chuig an traenáil agus chonaic siad an trealamh nua don chlub, bhí go leor sceitimíní ann, agus ní raibh siad in ann fanacht le tosú.

Tá sochair ollmhóra dár ngrúpa agus dár bpobal le brath, beidh an trealamh nua seo chun leasa na ndornálaithe ar go leor bealaí agus cabhróidh sé leo an leas is fearr a bhaint as an spórt, agus bainfidh ár bpobal leas as freisin mar is féidir linn glacadh le níos mó ball agus le páistí nua anois nárbh fhéidir linn glacadh leo roimhe seo mar gheall ar an easpa trealaimh.

Bhí géarghá le maoiniú don tionscadal seo, agus ní bheadh ann dó in aon chor gan cuidiú ó EirGrid.

Thar cheann chóitseálaithe agus bhaill Chlub Dornálaíochta Naomh Marta, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le EirGrid as gach rud, tá difríocht ollmhór déanta aige seo dár gclub agus tabharfaidh sé go leor uaireanta aclaíochta do pháistí agus cabhróidh sé leo dul chun cinn a dhéanamh ina spórt.



Spotsolas urraíochta

Rith CEASC

Bhí EirGrid bródúil as urraíocht a dhéanamh ar rás CEASC níos luaithe an mhí seo, imeacht faoi stiúir an phobail a thug reathaithe, oibrithe deonacha agus lucht tacaíochta le chéile ó ar fud oirthear Chorcaí. Eagraithe ag Pobal Lúthchleasaíochta agus Spóirt Chorcaí Thoir (CEASC), tacaíonn an rás le forbairt áiseanna spóirt áitiúla agus cuireann sé sláinte, folláine agus nasc pobail chun cinn ag an am céanna. Léiríonn imeachtaí mar seo tiomantas EirGrid tacú leis na pobail ina n-oibrímid, agus tacú le tionscnaimh a spreagann rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus tionchar áitiúil dearfach.





Oifigigh Idirchaidrimh don Phobal de chuid EirGrid Michelle Walsh agus Eoghan O'Sullivan leis an seisear fir a thrasnaigh líne an reatha CEASC ar dtús le déanaí.

Féile Scannán na Fraince i gCorcaigh

Bhí EirGrid bródúil as urraíocht a dhéanamh ar Fhéile Scannáin na Fraince Chorcaí níos luaithe an mhí seo, ag tacú lena misean an chuid is fearr de phictiúrlann agus de chultúr na Fraince a thabhairt do lucht féachana Chorcaí.

Léiríonn ár rannpháirtíocht leanúnach an nasc láidir atá ag fás idir Éire agus an Fhrainc, idir chultúrtha agus tríd an obair a dhéanaimid lenár gcomhghleacaí Francach, Réseau de Transport d'Électricité, ar an Idirnascaire Ceilteach. Trí thacaíocht a thabhairt don fhéile, tá áthas ar EirGrid cabhrú le ceiliúradh a dhéanamh ar theanga agus ealaíona na Fraince agus ag an am céanna tacú le himeacht cultúrtha a thugann daoine le chéile agus a shaibhríonn radharc ealaíon bríomhar Chorcaí.



Valérie David-McGonnell, Uachtarán Alliance Française Chorcaí, Michelle Walsh, Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal EirGrid, Anne-Marie Linehan, Cumann Tráchtála Chorcaí agus Adrian Dennehy, Bainisteoir Leas-Chomhéadain an Idirnascaire Cheiltigh ag Seoladh Fhéile Scannán na Fraince Chorcaí (Grianghrafadóir: Darragh Kane).



An Tionscadal i bhFigiúirí

500,000

líon na n-uaireanta oibre tionscadail ag Siemens Energy gan aon ghortuithe caillte ama taifeadta.



An Raibh a Fhios Agat?

Cé go gceanglóidh an t-idirnascaire Ceilteach córais chumhachta na hÉireann agus na Fraince den chéad uair – taobh thiar de na radhairc, táimid ag uasghrádú níos mó ná 25 córas TF chun Éire a nascadh le margadh leictreachais na hEorpa.

Project Timeline

2026

Leantar le suiteáil cábla amach ón gcósta.

Leantar le feachtais chosanta na gcáblaí fomhuirí.

Tógáil chompún an stáisiúin tiontaire curtha i gcrích.

Cuirtear tús le céim an choimisiúnaithe agus na tástála.

2027

Leanfar le suiteáil an chábla mhuirí amach ón gcósta.

Leanfar le feachtais chosanta na gcáblaí fomhuirí.

2028

Suiteáil muirí deiridh agus feachtas adhlactha.

Leanfar le coimisiúnú agus tástáil don stáisiún tiontaire.

Oibríocht thrialach agus oibríocht thráchtála.

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do chomhairliúchán le pobail ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail. Táimid an-bhuíoch as foighne agus tacaíocht leanúnach na bpobal, na n-úinéirí talún agus na bpáirtithe leasmhara agus muid ag dul ar aghaidh leis an obair seo.



Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh
Pobail EirGrid
085 870 4999

Suzanne Fox

Oifigeach Idirchaidimh
Sorensen
086 032 6171

Scan anseo chun a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail, nó tabhair cuairt ar www.eirgrid.ie/celticinterconnector

Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphoist liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátuithe ag uair ar bith trí ríomhphost a chur chuig celticinterconnector@eirgrid.com

Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le bóithre a bheidh dúnta, cláraigh d'ár seirbhís Téacs **SAOR IN AISCE** trí théacs le **INTER** a chur chuig **50015**.

Uasdátú Ríomhphoist

Uasdátú Ríomhphoist Más mian leat uasdátú ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóithre, cuir ríomhphost le do thoil chuig celticinterconnector@sorensen.ie

Le cómhaoiniú ó Shaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh

Tá tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir an chórais aistrithe fuinnimh in Éirinn, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, RTE (Réseau de Transport d'Électricité).

Cóipcheart © 2025 | EirGrid |. Gach ceart ar cosaint.

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040